C/2025/2125

4.4.2025

Faisnéis le haghaidh comhlachtaí pinsin atá gníomhach i réimse an choigiltis pinsin ('an tríú colún') – Glao ar léiriú spéise

(C/2025/2125)

Cuirtear i gcuimhne do gach comhlacht poiblí agus príobháideach a bhfuil seirbhísí pinsin fhorlíontaigh á dtairiscint aige ar bhonn ranníocaíochtaí deonacha, maidir leis an deis a thugtar le hAirteagal 12 d'Iarscríbhinn VIII a ghabhann le Rialacháin Foirne Oifigigh an Aontais Eorpaigh a ghlac an Chomhairle an 22 Márta 2004 agus a ghabhann le Rialachán (CE, Euratom) Uimh. 723/2004 (IO L 124, 27.4.2004, lch. 1) arna leasú le Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 1023/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 22 Deireadh Fómhair 2013 (IO L 287, 29.10.2013, lgh. 15-62).

I Rialacháin Foirne Oifigigh an Aontais Eorpaigh, tá comhordú na gceart pinsin bunaithe ar phrionsabal aistriú na gceart pinsin sin.

Le hAirteagal 11(1) d'Iarscríbhinn VIII a ghabhann leis na Rialacháin Foirne, is féidir na cearta sin a aistriú chuig an gcóras pinsin nó chuig na córais pinsin lena bhfuil iar-oifigigh cleamhnaithe mar thoradh ar ghníomhaíochtaí gairmiúla nua a dhéanann siad tar éis dóibh a seirbhís in institiúidí nó i ngníomhaireachtaí an Aontais Eorpaigh a fhágáil. An t-aistriú sin chuig scéim pinsin faoin gcéad cholún agus faoin dara colún, tá sé faoi réir na gcoinníollacha a leagtar síos sa reachtaíocht is infheidhme.

Na hoifigigh a fhágann seirbhís an Aontais Eorpaigh, tá an deis acu freisin, i gcomhréir le hAirteagal 12 d'Iarscríbhinn VIII a ghabhann leis na Rialacháin Foirne, a iarraidh go n-n-aistreofaí a gcearta pinsin chuig comhlachas árachais phríobháidigh nó chuig ciste pinsin.

An t-aistriú sin chuig comhlachas árachais phríobháidigh nó ciste pinsin, tá sé faoi réir na gcoinníollacha a leagtar síos i Rialacháin Foirne Oifigigh an Aontais Eorpaigh agus go háirithe faoi réir na gceithre choinníoll (i go iv) a liostaítear in Airteagal 12(1)(b) d'Iarscríbhinn VIII a ghabhann leis na Rialacháin Foirne:

i) *nach mbeidh an duine lena mbaineann i dteideal aisíocaíocht an chaipitil a fháil;*

ii) *gheobhaidh an duine lena mbaineann pinsean míosúil (*) ó 60 bliain d'aois ar a luaithe agus ó 66 bliana d'aois, ar a dhéanaí;*

iii) *foráiltear go mbeidh frithdhílse nó sochair mharthanóra ag cleithiúnaithe (**);*

iv) *ní cheadófar an t-aistriú chuig comhlacht árachais nó ciste eile ach amháin faoi na coinníollacha céanna a ndéantar tuairisc orthu i bpointí (i), (ii) agus (iii).*

(*) ar feadh an tsaoil [1] *(**) gan 0 % san áireamh* [2]

Ós rud é gur rialachán é Rialacháin Foirne Oifigigh an Aontais Eorpaigh, tá na coinníollacha sin ceangailteach agus infheidhme go díreach i ngach Ballstát gan gá le reachtaíocht náisiúnta maidir le cur chun feidhme. Ní féidir maolú air sin.

Chun é a dhéanamh níos éasca d'iar-oifigigh an Aontais Eorpaigh teacht ar chomhlacht fála maidir leis na cearta pinsin a fuarthas le linn a seirbhíse in institiúidí an Aontais Eorpaigh, sheol an Coimisiún glao ar léiriú spéise in 2008. Ar bhonn an ghlao sin, rinneadh liosta de chomhlachtaí pinsin a léirigh spéis i gconarthaí coigiltis pinsin a chomhlíonann na coinníollacha thuasluaite a thairiscint do na hiar-oifigigh sin a chur ar fáil do na hoifigigh a léirigh spéis chun na cearta pinsin a fuarthas faoi scéim pinsin institiúidí an Aontais Eorpaigh a aistriú.

Ba mhaith leis an gCoimisiún an liosta sin a thabhairt cothrom le dáta agus na comhlachtaí pinsin sin atá gníomhach ar an margadh cheana féin agus a mbeadh suim acu conarthaí coigiltis pinsin a thairiscint d'iar-oifigigh an Aontais a chomhlíonann na coinníollacha thuas a chur leis an liosta.

(1) Blianacht saoil.
(2) Maidir leis an bpinsean marthanóra atá cothrom le 0 %, ní fhaigheann na cleithiúnaithe aon sochar ina leith mar nach gcomhlíonann sé coinníoll iii).

Na comhlachtaí pinsin sin ar áil leo a bheith ar an liosta, iarrtar orthu doiciméadacht a chur faoi bhráid an Choimisiúin Eorpaigh. Sa doiciméadacht sin, beidh an méid seo a leanas:

— Dearbhú oifigiúil lena ndeimhnítear go ngeallann an comhlachtaí pinsin, ar thaobh amháin, na ceithre choinníoll (i) go (iv) a leagtar síos in Airteagal 12(1)(b) d'Iarscríbhinn VIII a ghabhann le Rialacháin Foirne Oifigigh an Aontais Eorpaigh a chomhlíonadh maidir leis na méideanna uile, ar cearta pinsin iad, a aistrítear sa chomhthéacs sin agus, ar an taobh eile, forfheidhmiú cheart maoirseachta údaráis inniúla an Aontais Eorpaigh a éascú ina leith sin;

— Cóip den fhormheas arna eisiúint ag an údarás náisiúnta inniúil maidir le maoirseacht airgeadais ar an gcomhlacht pinsin;

— Cóip den samhailchonradh a úsáidtear chun conarthaí aonair a ullmhú atá beartaithe go sonrach chun bainistiú fadtéarmach a dhéanamh ar na méideanna a aistrítear de bhun Airteagal 12(1)(b) d'Iarscríbhinn VIII a ghabhann le Rialacháin Foirne Oifigigh an Aontais Eorpaigh, ina léirítear na clásail lena ndeimhnítear comhlíonadh na gceithre choinníoll a luaitear in Airteagal 121(b) d'Iarscríbhinn VIII a ghabhann leis na Rialacháin Foirne;

— Tuairisc shoiléir ar aon choinníoll a bhaineann le háit chónaithe an iar-oifigigh (más ann dá chleithiúnaí/oidhrí) a bhí bailí tráth an tsuibscríofa agus/nó an leachtaithe.

Ba cheart an doiciméadacht a sheoladh i bhfoirm leictreonach (doiciméid scanta nach mó ná 1 MB) chuig an seoladh seo a leanas:

PMO-TFTOUT-ALLDEP-DEMANDES@ec.europa.eu

Ba cheart aon iarraidh ar fhaisnéis bhreise a sheoladh chuig an seoladh céanna.

Forchoimeádann an Coimisiún Eorpach an ceart faireachán a dhéanamh ar chomhlíonadh na gceithre choinníoll tráth ar bith trí dhoiciméid ábhartha (e.g. cruthúnas ar ranníocaíochtaí míosúla) a iarraidh ar thairbhithe conarthaí sínithe nó cistí pinsin.

Iarscríbhinn: cóip d'Airteagail 11 agus 12 d'Iarscríbhinn VIII a ghabhann le Rialacháin Foirne Oifigigh an Aontais Eorpaigh.

IARSCRÍBHINN

Airteagail 11 agus 12 d'Iarscríbhinn VIII a ghabhann le Rialacháin Foirne Oifigigh an Aontais Eorpaigh.

Article 11

1. An tOifigeach a fhágfaidh seirbhís an Aontais chun ceann de na nithe seo a leanas a dhéanamh:

— dul isteach i seirbhís riaracháin rialtais nó in eagraíocht náisiúnta nó idirnáisiúnta a bhfuil comhaontú tugtha i gcrích aici leis an Aontas;

— dul i mbun gníomhaíochta i gcáil duine fostaithe nó féinfhostaithe, agus dá bhua sin a fhaigheann cearta pinsin faoi scéim a bhfuil comhaontú tugtha i gcrích ag a chomhlacht bainistíochta leis an Aontas,

beidh sé de cheart aige coibhéis achtúireach a cheart pinsin scoir agus í cothrom le dáta an aistrithe iarbhír, a fuair sé i seirbhís an Aontais a aistriú chuig ciste pinsin an riaracháin rialtais nó na heagraíochta sin nó chuig an gciste pinsin faoina bhfaigheann sé cearta pinsin scoir de bhua na fostaíochta íoctha a bhíonn ar bun aige i gcáil duine fostaithe nó féinfhostaithe.

2. An t-oifigeach a thiocfaidh isteach i seirbhís an Aontais tar éis dó an méid seo a leanas a dhéanamh:

— seirbhís i riarachán rialtais nó seirbhís in eagraíocht náisiúnta nó idirnáisiúnta a fhágáil

nó

— gabháil d'fhostaíocht íoctha nó fhéinfhostaithe,

beidh sé i dteideal, tar éis a bhunaithe ach sula mbeidh sé i dteideal pinsean scoir a fháil de réir bhrí Airteagal 77 de na Rialacháin Foirne, go n-íocfaí leis an Aontas luach caipitil na gceart pinsin a fuarthas de bhua na seirbhíse sin nó na fostaíochta íoctha sin, luach a thabharfar cothrom le dáta go dtí dáta an aistrithe iarbhír.

Sa chás sin, maidir le húdarás ceapacháin na hinstitiúide a mbeidh an t-t-oifigeach i seirbhís inti, trí bhíthin forálacha ginearálta cur chun feidhme, agus ag féachaint do bhuntuarastal, aois agus ráta malairte an oifigigh ar dháta an iarratais ar aistriú, cinnfidh sé líon na mblianta seirbhíse inphinsin a gcuirfear chun sochair dó i gcomhréir le scéim pinsin an Aontais i ndáil leis an tréimhse seirbhíse a bhí ann roimhe sin, ar bhonn an chaipitil a aistríodh, tar éis dó méid a asbhaint arb é méid an luachmhéadaithe chaipitil é idir dáta an iarratais ar aistriú agus dáta iarbhír an aistrithe.

Ní fhéadfaidh oifigigh úsáid a bhaint as an socrú sin ach aon uair amháin i gcás gach Ballstáit agus gach ciste pinsin lena mbaineann.

3. Beidh feidhm ag mír 2 freisin maidir le hoifigeach a athfhostófar ar dhul in éag do thréimhse iasachta dá bhforáiltear sa dara fleasc d'Airteagal 37 (1) (b) agus maidir le hoifigeach a athfhostófar ar dhul in éag do shaoire ar fhorais phearsanta dá bhforáiltear in Airteagal 40 de na Rialacháin Foirne.

Article 12

1. An t-oifigeach nach mbeidh an aois inphinsin slánaithe aige agus a ndéanfar a sheirbhís a fhoirceannadh ar chúis eile seachas i gcás bás a fháil nó i gcás easláine agus nach mbeidh i dteideal pinsean scoir a fháil láithreach nó nach mbeidh i dteideal pinsin iarchurtha scoir, beidh sé i dteideal na nithe seo a leanas ar fhágáil na seirbhíse dó:

a) i gcás ina mbeidh níos lú ná bliain amháin caite aige i mbun seirbhíse agus nach mbeidh leas bainte aige as na socruithe a leagtar síos in Airteagal 11(2), beidh sé i dteideal deontais téarfa is ionann agus trí oiread na méideanna a coimeádadh siar óna bhuntuarastal i ndáil lena ranníocaíochtaí pinsin, tar éis aon mhéid a íocadh faoi Airteagal 42 agus faoi Airteagal 112 de Choinníollacha Fostaíochta Seirbhíseach Eile a bheith asbhainte;

(b) i gcásanna eile, tráth chur i bhfeidhm Airteagal 11(1) nó an choibhéis achtúireach a íoc le comhlachas árachais phríobháidigh nó ciste pinsin dá rogha féin lena ráthaítear an méid seo a leanas:

i) nach mbeidh an duine lena mbaineann i dteideal aisíocaíocht an chaipitil a fháil;

ii) gheobhaidh an duine lena mbaineann pinsean míosúil (*) ó 60 bliain d'aois ar a luaithe agus ó 66 bliana d'aois, ar a dhéanaí;

iii) foráiltear go mbeidh frithdhílse nó sochair mharthanóra ag cleithiúnaithe (* *);

iv) ní cheadófar an t-aistriú chuig comhlacht árachais nó ciste eile ach amháin faoi na coinníollacha céanna a ndéantar tuairisc orthu i bpointí (i), (ii) agus (iii).

(*) ar feadh an tsaoil ([1]) (**) gan 0 % san áireamh ([2])

2. De mhaolú ar phointe (b) de mhír 1, an t-oifigeach atá faoi bhun na haoise inphinsin a mbeidh ranníocaíochtaí déanta aige, ó chuaigh sé i mbun dualgas, chun cearta pinsin a shuí nó a choinneáil ar bun, le scéim náisiúnta pinsin, le comhlachas árachais phríobháidigh, nó le ciste pinsin dá rogha féin, a chomhlíonfaidh na ceanglais a leagtar amach i mír 1, agus ar oifigeach é a ndéantar a sheirbhís a fhoirceannadh ar chúiseanna eile seachas i gcás bás a fháil nó i gcás easláine agus nach mbeidh i dteideal pinsean scoir a fháil láithreach nó nach mbeidh i dteideal pinsin iarchurtha scoir, beidh sé i dteideal deontais téarfa, ar fhágáil na seirbhíse dó, ar deontas téarfa é is ionann agus luach achtúireach na gceart pinsin a ghnóthaigh sé agus é i mbun seirbhíse sna hinstitiúidí. Sna cásanna sin, déanfar na ranníocaíochtaí sin a rinne an t-oifigeach chun a chearta pinsin faoin scéim náisiúnta pinsin a shuí nó a choinneáil ar bun, agus Airteagal 42 nó Airteagal 112 de Choinníollacha Fostaíochta Seirbhíseach Eile á chur i bhfeidhm, a asbhaint ón deontas téarfa.

3. I gcás ina bhfágfaidh an t-oifigeach an tseirbhís, áfach, de bharr é a bhriseadh as an bpost, leagfar síos an deontas téarfa a bheidh le híoc nó, de réir mar a bheidh, an choibhéis achtúireach a bheidh le haistriú, ar bhonn an chinnidh a dhéanfar ar bhonn Airteagal 9(1)(h) d'Iarscríbhinn IX.

([1]) Blianacht saoil.

([2]) Maidir leis an bpinsean marthanóra atá cothrom le 0 %, ní fhaigheann na cleithiúnaithe aon sochar ina leith mar nach gcomhlíonann sé coinníoll iii).